# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Déardaoin, 3 Bealtaine Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar an **Déardaoin, 26 Aibreán.**

**Treoracha**

- Ceadaítear bileog A2 **amháin** de sceitsí ullmhúcháin a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.
- **Ní cheadaítear áiseanna amhairc** sa bhreis (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó saothar ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.
- Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.
- Ceadaítear úsáid a bhaint as pé meáin ealaíne agus as pé uirlisí a oireann chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, t-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.
- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus a theideal ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar an mbileog A2 de sceitsí ullmhúcháin agus is cóir iad sin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is é is cóir a bheith san obair seo ná rogha de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar fad ar aon taobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna gearrtha amach, chomh maith le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach píosa oibre dá leithéid **a ghreamú síos go cothrom** ar an mbileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** í seo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt**. Is cóir gach gné den dearadh 2T nó 3T a chur san áireamh, mar a oireann don cheist a roghnaigh tú, agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú. Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2, agus sceitsí amháin a úsáid, iad daite más maith leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog se sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Cuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích le linn an scrúdaithe. Is cóir eolas ar bith a chur isteach a mheasann tú atá riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, agus tagairt shonrach a dhéanamh do na gnéithe físiúla, feidhmiúla agus ábhar do rogha ceardaíocht, in áit aird a dhíriú go hiomlán ar phíosa ealaíne, a bhfuil bailchríoch den scoth air, a tháirgeadh.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

- An bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- An bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- An **Moladh Dearaidh Deireanach.**

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Thugas an chuid is mó den tráthnóna ag measrú na seacláide *couverture* nua agus ag obair ar an taispeántas san fhuinneog. Brat tiubh de pháipéar síoda uaine don fhéar. Bláthanna páipéir – lusanna an chromchinn agus nóiníní, cuid Anouk de – greamaithe le pionnaí de fhráma na fuinneoige. Stáin cumhdaithe uaine ina mbíodh púdar cócó tráth, agus iad carntha in aghaidh a chéile chun taobh creagach sléibhe a dhéanamh. Páipéar rocach Cellophane á chlúdach mar a bheadh brat oighir ann. Abhainn de ribín síoda gorm ag gabháil thairis agus ag sní isteach sa ghleann, roinnt bád cónaitheach ina luí go ciúin gan scáil uirthi. Agus laistíos, mórshiúl d'fhíora seacláide, cait, madraí, coiníní, cuid díobh agus súile rísíní iontu, cluasa bándearga de phrásóg, eireabaill déanta as liocras coipthe agus bláthanna siúcra idir na fiacla acu … Agus lucha. Ar gach dromchla dá bhfuil ann, lucha. Iad ag rith suas sleasa na gcnoc, ag neadú sna cúinní, ar bháid na habhann, fiú. Lucha de shiúcra cnó cócó bándearg agus bán, lucha seacláide i ngach dath, lucha riabhacha agus iad marmaraithe le huachtar strufail agus maraiscín, lucha fordhaite fíneálta, lucha cuisnithe agus siúcra scaipthe orthu. Agus ina sheasamh ansin os a gcionn, an Píobaire Breac féin go caithiseach i ndath dearg agus buí, fliúit eornóige i lámh amháin leis, agus a hata sa lámh eile. Tá na céadta múnla agam sa chistin, cinn chaola phlaisteacha do na huibheacha agus do na fíora, múnlaí ceirmeacha do na caimeonna agus do na seacláidí *liqueur.* Tig liom dreach ar bith is mian liom a chruthú leo sin agus é a bhualadh anuas ar shliogán folamh, gruaig a chur leis mar aon le sonraí, le píob chaol, cabhail agus géaga a dhéanamh ar leithligh agus iad a fheistiú le sreanga agus le seacláid leáite. Beagán duaithníochta – clóca dearg, déanta as prásóg. Ionar, hata den ábhar céanna, cleite fada ag scuabadh na talún ag buataisí na gcos. Tá an Píobaire Breac s'agamsa beagán chosúil le Roux lena ghruaig rua agus a chulaith ildathach …

Bhí mé chomh tógtha le mo chuid pleananna agus le leagan amach na fuinneoige gur imigh an lá le sruth uaim. Rinne Anouk ceapairí dá cairde sa chistin, agus ghlan siad leo arís ansin i dtreo na habhann. Chuir mé an raidió ar siúl agus bhí mé ag ceol liom féin agus mé ag obair, ag déanamh pirimidí go cúramach de na seacláidí. Osclaíonn an sliabh draíochta amach agus nochtar ollmhaitheasaí a mhearódh do chiall: cairn ildathacha de chriostail siúcra, torthaí agus milseáin *glacé* a lonraíonn ar chuma na seod. Laistiar de seo a luíonn na hearraí indíolta agus iad faoi scáth ón solas ag na seilfeanna folaithe. Beidh orm tosú ag obair ar na hearraí Cásca láithreach, sa tsúil go meallfar breis custaiméirí. Is maith ann é an spás stórála in íoslach fuar an tí. Ní mór dom boscaí bronntanais a ordú, ribíní, páipéar Cellophane agus maisiúcháin. Bhí mé chomh báite sin sa ghnó gur ar éigean a chuala mé Armande ag teacht isteach an doras leathoscailte.

Sliocht as *Chocolat* le Joanne Harris le caoinchead Black Swan.

### Sliocht B

Bhí an boladh éagsúil. B'in é an chéad rud a thug Molly faoi deara tar éis di tuirlingt ar an ardán sa Gare du Nord agus a cás a ardú amach: níorbh é plúchadh aibhleogach stáisiún Londan é ach rud éigin níos géire, níos spíosraithe agus níos cumhra, eachtrach ar bhealach a bhí sóúil agus scanrúil araon.

Cúig chun a haon déag ar chlog an stáisiúin. Bhí sé imithe as a ceann go raibh an Fhrainc uair an chloig chun tosaigh ar Shasana go dtí gur fhógair cléireach an t-am a shroich siad an áit ar an gcóras callaireachta – i mBéarla ar dtús agus ansin i bhFraincis. Mar fhocal scoir dúirt sé – '*Merci pour votre fidélité'*, rud a chuir straois ar Mholly: níos deise go mór ná *'Thank you for travelling with Southwest Trains'.* Bhí an Fhrainc éagsúil. Anois ó bhí sí anseo, bheadh sí féin éagsúil, freisin.

D'iompaigh sí thart ar fad chun amharc timpeall uirthi agus bhraith sí an cás ag tarraingt as a géag. Os a cionn in airde bhí stua ard de ghloine agus d'iarann, agus spéir na hoíche ina dhiaidh sin arís. An traein ar thaistil sí uirthi, bhí sí ina luí go slim slíoctha taobh le hardán sciomartha glan ar shín a chuid cuar gan chríoch i dtreo stáisiún cuasach a raibh cuma mhaorga impiriúil, beagáinín cloíte, air. Bhí cúpla tiománaí traenach ag cabaireacht taobh léi i bhFraincis, na cnaipí scaoilte ar a gcuid seaicéad, agus iad ag caitheamh tobac. Bhí cuma éagsúil orthu siúd freisin, gruaig dhorcha orthu agus súile dorcha ina gceann, iad ar a suaimhneas ina gcabhlacha féin. Bhí paisinéirí ag sraoilleadh leo go dtí an stáisiún, agus d'imigh Molly in éineacht leo, gan aon fhonn uirthi a bheith ina ndiaidh aniar.

Chomh simplí diamhair leis, aistriú ó Shasana go dtí an Fhrainc. Bhí sé ina chlapsholas in Kent na ndos nuair a ghluais siad go réidh isteach sa tollán; leathuair an chloig ina dhiaidh sin, gan fústar ar bith, bhí sí sa Fhrainc agus é ina oíche. A srón in aghaidh na fuinneoige, na lámha le taobh a cinn chun gile an charráiste a cheapadh, bhí Molly in ann tírdhreach ollmhór cothrom a dhéanamh amach. Bhí páirceanna

fairsinge gan fálta roimpi agus piolóin ag máirseáil trasna orthu mar a bheadh róbait ollmhóra dhubha ann. Sceith braisle soilse thar bráid ó am go ham ó na sráidbhailte i gcéin – sráidbhailte Francacha, a mheabhraigh sí di féin, agus sceitimíní uirthi, iad lán de mhuintir na Fraince ag ithe rudaí ar nós *ragout* agus feoil chapaill. (Na capaill bhochta!). Chonaic sí séipéal faoi spotsolas, uair amháin, agus an spuaic timpeallaithe ag crainn thuartha, agus lig sí osna dhoilíosach aisti agus í ag cuimhneamh ar 'passing bells' Wilfred Owen do shaighdiúirí an Chogaidh Mhóir a fuair bás 'like cattle' sa chuid seo den Fhrainc. (Bhí na filí cogaidh déanta aici don Ardleibhéal.)

An bhuairt ba mhó a bhí uirthi ná leaba na hoíche a fháil. Bhí sí ag brath ar oifig thurasóireachta a bheith ann agus duine lách inti a mbeadh Béarla aige, a chuirfeadh i dtreo áit shábháilte shaor í. A luaithe a bhí sí laistigh den phríomhfhoirgneamh d'fhéach sí thart agus comharthaí á lorg aici. Bheadh a leithéid de sheirbhís, siúráilte glan, i stáisiún mór idirnáisiúnta ar a chuma seo.

Bhí, ach bhí an oifig dúnta le dhá uair an chloig roimhe sin. Bhí na dallóga tarraingthe sna fuinneoga. Bhí *'Fermé'* ar an gcomhartha ar an doras. D'fhill Molly ar ais ar lár an stáisiúin, leag sí uaithi an cás agus í idir dhá chomhairle. Bhí na paisinéirí eile ag glanadh leo chun siúil ar luas scanrúil. Bhuail cairde nó daoine muinteartha le cuid díobh agus iad ag stealladh Fraincise, agus d'imigh siad leo amach san oíche; bhí a thuilleadh daoine ag tarraingt bagáiste ina ndiaidh agus iad ag díriú ar bhusanna nó ar thacsaithe lasmuigh. Bhí an chuma ar gach duine eile go raibh a fhios acu cá raibh a dtriall. Go tobann bhí an stáisiún an-mhór agus an-ghruama, agus bhraith Molly beag suarach inti féin. Ba ghearr go mbeadh sí ina haonar leis na meisceoirí sráide agus leis na hainniseoirí luite siar in aghaidh na gcolún nó ag sculcaireacht faoi na háirsí. Ní fhéadfadh sí gan cuimhneamh ar Linda an áidh gan aon agó in *The Pursuit of Love*, ar tharrtháil Diúc aoibhinn Francach sa stáisiún áirithe seo í, í gan pingin rua aici agus na deora léi. ('Feicim gur bean tú ar gá an-aird a thabhairt uirthi' – ba bhreá ar fad léi an líne sin.)

Sliocht as *Weekend in Paris* le Robyn Sisman le caoinchead Penguin Fiction

**Sliocht C**

Réab gaoth fhuar ghéar amach as spéir a bhí ar dhath glasair. Bhí an ghrian crochta mar a bheadh siogairlín gan bhrí ann agus solas caol á scaipeadh aige. Ar thaobh na fothana, sraoillín dorcha stoirme a bhí ag dul in éag, sceith sé a sciortaí sneachtúla go hard sna taoidí guairneánacha solais. D'ardaigh an fhaill sneachta ar a cúl ar nós maidhm ollmhór, í ar tí briseadh ar an trá dhubh chrochta ar chliatháin an bholcáin.

An crúbadán a thug anseo í, chrúbáil sé go tormánach ar ais ar na ráillí, thar na brící loiscthe agus na rampaí luaithrigh a bhí scuabtha ag an ngaoth, agus chúlaigh sé isteach sa tollán sneachta. D'fhéach sí ar a dhroim miotail ag glinniúint agus ar a chaincín ag sleamhnú siar isteach i mbun na faille sneachta. Rolláil sé siar agus suas go dtí gur ghlan fána an tolláin as a radharc é.

D'iompaigh sí agus d'fhéach in airde ar chliathán an bholcáin, a bhí le feiceáil ar éigean trí scamaill ghaile agus smúite, i dtreo na n-iarsmaí carntha d'fhoirgneamh an stáisiúin gheoiteirmigh. Foireann de bhloic choincréite scoilte ba ea é, caite ar mhuin mhairc a chéile ar fud na páirce laibhe a bhí ag glioscarnach go dorcha. Bhí locháin faoi bhrat sneachta ag líonadh na bpoll sa laibhe, agus i bhfad ar shiúl – suas le fiche ciliméadar ón láthair –an scoilt is deireanaí sa bholcán ag sceitheadh gal gheal agus deatach sa spéir. D'fhéach sí caol díreach in airde. Bhí an fathach gáis Nachtel ar crochadh os a cionn ina leathsféar dó, é bánórga, oráiste, smúitiúil sa spéir, agus an ceathrú cuid den spéir á líonadh aige.

Theanntaigh sí húda a seaicéid in aghaidh na gaoithe géire reoite agus ghluais léi tríd an bpáirc laibhe liathdhorcha, spruánach i dtreo na bhfoirgneamh smiota coincréite in aghaidh an aird, agus greim aici … ar an leabhar lena hucht.

Bhí saothar anála uirthi nuair a bhain sí amach na blocthithe smiota; bhí an t-aer uafásach caol, cé nár chuir sé mórán stró uirthi siúl in imtharraingt lag an Ghósta. Tháinig ráig den agrafóibe ar an uile chuairteoir a chuaigh amach faoin spéir ar an bpláinéad-ghealach; bhí an t-aer chomh caol sin agus Nachtel chomh bagrach ollmhór in airde go mbraithfí go seolfadh gach céim snámha san aer an siúlóir ag léimneach glan ar fad ón dromchla amach sa spéir uaine néaltach.

'Hóigh?' a ghlaoigh sí.

Bhain a glór macalla sa timpeall as na ballaí coincréite sa chéad fhoirgneamh smiota. D'fhág creathanna talún na struchtúir ar fad a raibh ballaí tiubha iontu gan aon fhuinneog, ar leathstuaic, agus bhí an naprún coincréite a raibh siad tógtha air scoilte. Fágadh ailpeanna mantacha den ábhar ag gobadh aníos ar chuma fiacla briste, agus na slata athneartaithe meirgeacha caithreáilte nó sractha amach ar chuma obair theanntáin ar theip uirthi.

Choinnigh sí an leabhar lena hucht agus shiúil sall go dtí na leacacha claonta coincréite ó fhoirgneamh go foirgneamh. Chaith sí cromadh agus feidhm a bhaint as a lámh scaoilte in áiteanna nárbh fhéidir siúl, fiú san imtharraingt íseal úd, mar gheall ar dhreach leadartha an fhothraigh.

Ba é an foirgneamh ab fhaide thuas ar an ard an ceann ba mhó den iomlán; shiúil sí thar an bhfardoras tite sa doras leathan.

Cé go raibh ballaí an struchtúir slán, bhí an díon scoilte ina lár agus é tite anuas ina 'V' éadomhain coincréite a chlaon síos isteach i lochán uisce lonnaithe a raibh oighear ar a chiumhais. Bhí sé seo fós, b'fhéidir, ceangailte de mhogalra de phíobáin theirmeacha a tréigeadh agus a bhí folaithe sa bholcán, agus é te a dhóthain chun stríocaí leamha gaile a chruthú san aer reoite ina chalm.

Bhí trá chaol de chnámhóga loiscthe dubha cruinnithe i gcúinne amháin den fhothrach, in aghaidh an bhalla thall.

Bhí beirt fhear ann. D'aithin sí iad.

Gan orthu ach cultacha snámha, bhí siad ina suí sna deic-chathaoireacha céanna ba chuimhin léi ón tancaer. Bhí parasól bláfar sáite ar uillinn ghiodamach sa trá dhubh laistiar díobh. Bhí bord infhillte beag idir na cathaoireacha, buidéil agus gloiní air.

An duine ar thaobh na láimhe deise, d'éirigh sé agus bheannaigh di.

'Tá ríméad orainn gur éirigh leat sinn a bhaint amach!' a liúigh sé, agus ansin thug sé cúpla coiscéim i dtreo an uisce agus thum isteach go lúfar gan plabadh ar éigean. Bhí cuma ard aisteach ar na tonnta agus iad ag gluaiseacht thar an lochán.

Sháigh sí a lámh chlé ina póca agus shiúil ar mhala réidh an dín thite. An fear óg maol a thum san uisce, shnámh sé thairsti, straois air agus é ag beannú di. Bhí an fear eile ag ól as gloine ard. D'fhair sé a chompánach agus é ag sroicheadh an taobh eile den lochán, mar a raibh an doras, agus ansin d'iompaigh sé timpeall agus bhuail buille ar ais arís.

Sliocht as *Against a Dark Background* le Iain M. Banks le caoinchead Orbit.

- **Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh seo.**
- **Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Déan píosa litreoireachta a dhearadh don fhuinneog sa siopa seacláide. Beidh sé le crochadh taobh leis an taispeántas a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Póstaer ag fógairt 'Laethanta Saoire ar Thraein'. Glac d'inspioráid as Sliocht B.

(c) Cuireadh go dtí cóisir le hais linn snámha a bheidh á reáchtáil ag an mbeirt fhear a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tig leat íomhánna, móitífeanna maisithe, focail agus litreoireacht thromchiallach a chur san áireamh.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid atá le cur ar mhála iompair don siopa seacláide i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar an gcur síos ar an tírdhreach i Sliocht B.... "páirceanna fairsinge gan fálta roimpi agus piolóin ag máirseáil trasna orthu mar a bheadh róbait ollmhóra dhubha ann".

(c) Léaráid a léiríonn ciall agus brí Shliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an lionóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a úsáideann dhá dhath ar a laghad. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh dathdhealuithe san áireamh (más cuí) agus na cineálacha éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

3. **Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún le húsáid mar pháipéar beartán, bunaithe ar na híomhánna i dtaispeántas an tsiopa seacláide.

(b) Athphatrún leath-thite bunaithe ar na cuntais ar an Gare du Nord i Sliocht B.

(c) Prionta fabraice bunaithe ar na cuntais ar na foirgnimh i Sliocht C.

Ní mór don dearadh agat a bheith oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsailphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir úsáid a bhaint as trí dhath ar a laghad agus bíodh féidearthachtaí dearaidh na forphriontála san áireamh agat sa dearadh. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

4. **Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bosca nó púitse bróidnithe a bheadh oiriúnach chun seacláidí a chur i láthair, bunaithe ar na híomhánna agus ar na dathanna i Sliocht A.

(b) Hata **nó** culaith shnámha don fhear maol atá luaite i Sliocht C. Bíodh na híomhánna sa sliocht mar inspioráid don dearadh agat.

(c) Dealbhóireacht bhog thríthoiseach bunaithe ar aon cheann de na sleachta tuairisciúla. Ní mór ceangal soiléir a bheith idir do dhearadh agus an sliocht roghnaithe.

Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

5. **Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Teicstíl fhite a bheadh oiriúnach do chumhdach suíocháin ar thraein, bunaithe ar Shliocht B.

(b) Taipéis bunaithe ar an tírdhreach a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

(c) Brat balla bunaithe ar aon chuid de na híomhánna sna sleachta tuairisciúla. Ní mór ceangal soiléir a bheith idir do dhearadh agus an sliocht roghnaithe.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go mbeadh eolas ann ar an bhfí agus ar na hábhair atá le húsáid. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Árthach feidhmiúil nó soitheach arbh fhéidir milseáin nó seacláidí a stóráil ann. Glac d'inspioráid as Sliocht A.

(b) Plaic balla bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B. Tá an phlaic chríochnaithe le crochadh ar bhalla ardáin sa Gare du Nord.

(c) Píosa dealbhóireachta, a sheasann leis féin, den 'chrúbadán' i Sliocht C. Úsáid na híomhánna den tírdhreach mar chúnamh le do dhearadh.

Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na teicníochtaí a mbainfear leas astu chun do dhearadh a chur i gcrích. Luaigh sonraí na nglónraí agus an mhaisiúcháin atá le húsáid.

**7. Puipéadacht**

Dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas, bunaithe ar do léamh ar na sleachta tuairisciúla:

(a) An Píobaire Breac – Sliocht A.

(b) Tiománaí Traenach - Sliocht B.

(c) Siúlóir Gealaí – Sliocht C.

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad téide. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir toisí a thaispeáint. Tabhair le fios cén chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus cén chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Luaigh sonraí na n-ábhar atá i gceist agus na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**8. Leabharcheardaíocht**

Freagair (a) nó (b).

(a) Dear fillteán chun fótagraif de do thuras chun na Fraince a choimeád.

Bíodh Sliocht B mar inspioráid agat.

Tig leis an bhfillteán a bheith ar aon chruth, mhéid nó fhormáid a mheasann tú atá oiriúnach. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit na toisí a thaispeáint mar aon le sonraí na n-ábhar. Ba chóir duit a thaispeáint freisin cén chaoi a gcuirfear an fillteán le chéile mar aon le sonraí na gceangal agus/nó na snaidhmeanna. Tig leat litreoireacht a chur san áireamh.

(b) Dear clúdach leabhair do leabhar dar teideal *Milseogra Cruthaitheach.*

(c) Dear clúdach leabhair don leabhar atá ina lámh ag an bpearsa bhaineann i Sliocht C. Bíodh teideal agus ábhar an leabhair bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Tig leat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh críochnaithe na toisí, chomh maith le clúdach tosaigh agus clúdach cúil agus an droim. Ba chóir litreoireacht lámhdhéanta a bheith ann.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas, bunaithe ar an léamh a dhéanann tú ar na sleachta tuairisciúla:

(a) Sainchomhartha grafach (lógó) don siopa seacláide i Sliocht A. Ba chóir duit é a thaispeáint á úsáid mar cheann litreach agus mar chárta gnó.

(b) Dearadh do chlár mór fógraíochta atá le lonnú ar ardán stáisiún traenach agus a fhógraíonn lóistíní i bPáras nó faoin tuath sa Fhrainc

(c) Bróisiúr a fhógraíonn saoire ar an 'bpláinéad-ghealach' atá luaite i Sliocht C.

Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh críochnaithe toisí agus eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clog tríthoiseach a sheasann leis féin agus atá le lonnú ar an ardán sa Gare du Nord.

(b) Painéal rilífe don gheata tosaigh ar an stáisiún geoiteirmeach atá luaite i Sliocht C.

Tig leat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith eile. Oibrigh de réir scála, agus taispeáin na toisí agus eolas cuí maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An taispeántas i bhfuinneog an tsiopa a bhfuil cuntas air i Sliocht A.

(b) Seit scannáin do scannán ficsin eolaíochta atá bunaithe ar Shliocht C.

(c) Seit stáitse do bhanna rac-cheoil a dtugtar 'Agoraphobia' air. Bain úsáid as na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir oibriú de réir scála agus toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.